


Nuachtlitir Choicísíúil**Coimisinéir Teanga**

An Irish Language Commissioner to be appointed to enforce legislation requiring bilingual government services.

Ní fios do *An Lúibín* fós cé hé an Coimisinéir nua Teanga in Éirinn de réir an Achta nua Teanga (cé go raibh an t-airgead ar Shéan Ó Cuirreáin, leascheannasaí Raidió na Gaeltachta), ach tá an tAire Éamon Ó Cuív chun a shá oibre a thabhairt dó. Tá forálacha go leor le cur i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain. Mar a dúirt an tAire:

Ón chéad ráithe de 2004 tosóidh an pobal ag mothú an difir atá chun teacht le cur i gcríoch an Achta Teanga: comharthaíocht, fógraíocht, comhfhreagras le comhlachtaí agus dá réir cuid de na rudaí a bheidh i gceist. Sa dara ráithe feicimid comhlachtaí ag soláthar tuarascáil bhliantúil sa dá theanga, beidh muid ag réiteach plean don Roinn s'againne anseo agus ag réiteach na dtreoirlínte do na Ranna ar fad. Agus beidh próiseas comhairleach ann le go dtiocfadh leis an phobal a dtuairimí a thabhairt faoi na treoirlínte. An aidhm atá agam leis an Acht seo an Ghaeilge a bheith i bhfad níos feiceálaí ag gach duine, seirbhísí gan dua a sholáthar do lucht labhairt na teanga agus córas éifeachtach a bheith ann chun a gcearta a chosaint.

B'fhéidir gur sampla maith den bhéarla-gair riaracháin an méid sin, ach tá misneach ann. Bhí an ceart ag an Aire freisin nuair a dúirt sé nárbh fhéidir an tAcht a chur i bhfeidhm gan Choimisinéir sárchumasach. Tá na heagraíochtaí Gaeilge míshásta (ar ndóigh) toisc nár ceapadh an Coimisinéir go fóill agus toisc nach rachaidh sé i gceann oibre go ceann mhí na Feabhra. Gheobhaidh foighne fortacht, is cosúil.

Ní bheidh an tAire díomhaoin idir an dá linn, áfach, más fíor do *Lá*. Tá sé chun tús áite a thabhairt do logainmneacha Gaelacha i contaetha áirithe. Tá cóipeanna de na hOrduithe Logainmneacha le tabhairt do pholaiteoirí agus do dhaoine a bhaineann leis na húdaráis áitiúla. Ní léir cén tairbhe a thiocfaidh as seo. Sop eile in áit na scuaibe?

(Féach: www.nuacht.com)

Rabairne an Fhorais

Complaints that Foras na Gaeilge (the body in charge of the advancement of Irish) is spending too much on publicity and too little on the language.

Ní chaomhnaítear an teanga ar bheagán costais – nó sin mar atá an scéal ag Foras na Gaeilge, ar aon chuma. Deir *Lá* go bhfuil €764,504.22 caite aige ar sheirbhísí comhairleoireachta ó bunaíodh é sa bhliain 1999, agus go bhfuair na cuntasóirí PricewaterhouseCoopers slám maith de sin as príomhsheidhmeannach a earcú. Caitheadh slám maith freisin ag ceannach seirbhísí poiblíochta agus cumarsáide ó chomhlachtaí eile, cé go bhfuil rannóg chumarsáide ag an bhForas féin. Thug an rabairne seo deis ionsaithe d'Fhearghas Ó Dubhda, urlabhra Gaeltachta Fhine Gael, a labhair mar a leanas: 'Ceapaim go mba cheart an t-airgead atá ann ar fad a chaitheamh ar obair an Fhorais féin agus ar chur chun cinn na Gaeilge'. Ceart go leor, a dúirt an Foras, ach tiocfaidh feabhas ar an scéal nuair a bheidh preasoifigeach buan ann. Thairis sin de, tá níos mó le déanamh ag an bhForas ná mar a bhí ag seanBhord na Gaeilge, agus is lú an fhoireann.

(Féach: www.foinse.ie)

Sa Libéir Thall

Irish troops in a familiar peace-keeping role – this time in a troubled region of West Africa.

Is fada saighdiúirí as Éirinn i mbun cothú síochána ar fud an domhain – ní gá ach Tíomór Thoir a lua. Anois tá aghaidh 474 acu ar an Libéir in iarthar na hAfraice. (Díol spéise é go bhfuil a lán cainteoirí dúchais Gaeilge ina measc – fir as Ceathrú Cathlán an Iarthair.) Beidh siad ag obair i dtír atá suaite go maith de bharr chogadh na gcarad – cogadh a bhí á gríosú ag tíortha eile máguaird.

Tá stair thar a bheith suimiúil ag an Libéir: tír a bunaíodh sa bhliain 1822 mar áit dhídine d'athdhaoir ó Mheiriceá. Tá daonra timpeall 3,600,000 duine ann, agus gan de shliocht na ndaor anois ach scata an-bheag. Teangacha áitiúla is mó atá á labhairt ann, cé gurb é an Béarla an teanga oifigiúil. Tá an tír ag éirí soir ó lagúin agus riasca an chósta go dtí na sléibhte, agus neart mianraí ann – ór, iarann, diamaint agus eile – cé go bhfuil formhór na ndaoine beo ar an bhfeirmeoireacht.

Tá an Libéir cráite ag ansmacht agus ag ainriail leis na blianta. Threascair an tArm an rialtas sa bhliain 1980, agus níor tháinig aon fheabhas ar an scéal ó shin. Beidh na hÉireannaigh ann faoi choimirce na Náisiún Aontaithe agus iad ag réiteach an bhealaigh do 15,000 saighdiúir as tíortha eile. Tá cead ag na hÉireannaigh iad féin a chur i bhfeidhm go fórsúil más gá, agus an tír chomh míshocair sin.

(Féach: www.nuacht.com)

Gaeltacht

How to save what's left of the Gaeltacht? Reflections from an experienced polemicist.

An focal scoir (beagnach) agus é le fáil ó pheann Dhonncha Uí hÉalaithe ar *Foinse* 26/12/03. Scagadh eile á dhéanamh aige ar na figiúirí is deireanaí ó Scéim Labhairt na Gaeilge i ngeall ar an scoilbhliain 2002/03:

Tá sé beagnach 9 mí ó d'fhógair an tAire Éamonn Ó Cuív, go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar theorainneacha na Gaeltachta, ar bhonn theangeolaíochta. Le teorainneacha na Gaeltachta a atarraingt i mbealach a bheas réadúil agus i mbealach nach mbeidh éagóir déanta ar phobal ar bith ina bhfuil sciar suntasach den pobal ag úsáid na Gaeilge sa mbaile agus sa phobal beidh gá, im thuairimse, dhá chineál Gaeltachta a aithint - Fíorghaeltacht agus Breacghaeltacht. Má tá an t-athbhreithniú le bheith bunaithe ar fhíorstaid na Gaeilge mar theanga a úsáidtear sa mbaile agus má tá bunús le figiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge, beidh ar a laghad leath de na ceantachta le haitheantas oifigiúil Gaeltachta faoi láthair, le gearradh amach as an nGaeltacht.

Agus sin sin. Tá an ceart aige gan amhras – má chreideann tú gur fiú lámh tharrthála a thabhairt ar a maireann den Ghaeltacht anois.

Teangacha in Éirinn

To its credit, the Western Health Board in Ireland is assiduously following government policy on linguistic and other services to asylum seekers. But why are Irish speakers still being neglected?

Chuir Máirtín Ó Catháin in iúl ar *Foinse* le déanaí go bhfuil os cionn €1,000,000 sa bhliain á gcaitheamh ar chúrsaí aistriúcháin ag Bord Sláinte an Iarthair toisc an oiread sin dídeanaí a bheith sna bólaí sin. Tá 2,885 acu thiar (as 6,290 ar fad) agus a líon ag méadú i gcónaí. I dtuarascáil a chuir an Bord amach le déanaí cuirtear treise ar a thábhachtaí atá dúchas na ndaoine úd agus ar an ngá atá le hoiliúint na foirne sláinte sna cúrsaí sin. Beartas é sin atá le moladh, ach luann an Cathánach seandóigh achrainn – a laghad aird a thugann an Bord ar

chainteoirí Gaeilge. Is minic gearán á dhéanamh faoi na deacrachtaí teanga atá ag daoine éigin as na Gaeltachtaí agus leigheas á lorg acu sna hospidéal áitiúla. Má tá dianghá ag daoine thar tír isteach le háiseanna aistriúcháin agus eile, rud nach féidir a shéanadh, ní lú an gá atá ag cainteoirí dúchais leo. Idir an dá linn, ar ndóigh, ní measade Éire blas láidir de chultúr eile an domhain.

TIMPEALLACHT

Líonáin Choiréil na hÉireann

Near Ireland and elsewhere new ocean wonders are being discovered – coral reefs that rival those of the Pacific.

Is beag duine a mbeadh súil aige le líonáin mhóra choiréil amach ó iarthar na hÉireann, ach tá siad ann. Tá rialtas na hÉireann chun cosaint speisialta a thabhairt dóibh mar áiteanna caomhnaithe de réir treoracha an Aontais Eorpaigh. Tá cuid de na líonáin ar thulacha atá chomh hard le 300 méadar os cionn an ghrinnill agus iad ag fás aníos leis na milliúin bliain. Cnámharlacha coiréil chrua is ábhar dóibh, mórán. Tá coiréal beo ar a mbarr, agus deir na heolaithe gur spleodrach an radharc é agus é ag brúctail le hiasc agus le plandaí.

Tá na líonáin le fáil idir 50 agus 150 míle slí amach ón gcósta, agus iad idir 500 agus 1,200 méadar faoi uisce. Thángthas trasna orthu de bharr staidéar atá ar siúl ag Suirbhé Geolaíoch na hÉireann ón mbliain 1999 i leith – staidéar atá ar na suirbhéanna grinnill is mó dá ndearnadh riamh, de réir mar a deir an tAire Comhshaoil, Dermot Ahern.

Deir an Dr Anthony Grehan ó Thascfhórsa Coiréil na hÉireann go bhfuil na líonáin lán chomh breá le Líonán Mór na hAstráile i dtaca le héagsúlacht de. Tá a fhios acu anois go bhfuil os cionn 1,300 spéiceas ann agus súil acu lena thuilleadh fós. Is é a chuir leis an ngá a bhí le cosaint ná an dochar a d'fhéadfadh tarlú de bharr mhéadú na trálaeireachta sa limistéar.

Is fiú a lua gur gearr ó fuarthas líonáin den saghas céanna amach ó chósta Victoria agus iad chomh hiontach lena leithéidí sa Chiúin-Aigéan: níos iontaí i ndáiríre, ó tá an chuid is mó de líonáin an Chiúin-Aigéin millte ag an truailliú agus ag téamh na farraige.
(AFP)

